V

*(Fógairtí)*

## NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS

**Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 17 Bealtaine 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgerichtshof – an Ostair) – Funke Sp. z o.o. v Landespolizeidirektion Wien**

**(Cás C-626/21, Funke)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Comhfhogasú dlíthe – Treoir 2001/95/CE – Airteagal 12 agus Iarscríbhinn II – Caighdeáin agus rialacháin theicniúla – Córas an Aontais Eorpaigh um Mearfhaisnéis (RAPEX) – Treoirlínte – Táirgí neamhbhia contúirteacha – Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/417 – Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 – Airteagail 20 agus 22 – Fógraí don Choimisiún Eorpach – Cinneadh riaracháin – Toirmeasc ar earraí piriteicniúla áirithe a dhíol agus oibleagáid tarraingt siar – Iarratas ó dháileoir na dtáirgí lena mbaineann go ndéanfaí an fógra a fhorlíonadh – Údarás inniúil cinneadh a thabhairt maidir leis an iarraidh – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Cosaint dlí éifeachtach)***

(2023/C 235/02)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Verwaltungsgerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Funke Sp. z o.o.

*Cosantóir:* Landespolizeidirektion Wien

**An chuid oibríochtúil**

1) Maidir le hAirteagail 20 agus 22 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93, Airteagal 12 agus Iarscríbhinn II de Threoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, arna leasú le Rialachán Uimh. 765/2008 agus leis an iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/417 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2018 lena leagtar síos treoirlínte le haghaidh bhainistiú Chóras an Aontais Eorpaigh um Mearfhaisnéis 'RAPEX' a bunaíodh faoi Airteagal 12 de Threoir 2001/95/CE maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí agus an córas fógartha leis sin,

ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:

tugtar d'oibreoir eacnamaíoch lena bhféadfaí dochar a dhéanamh dá leasanna trí fhógra arna thabhairt faoi Airteagal 22 de Rialachán Uimh. 765/2008 ag Ballstát chuig an gCoimisiún, amhail allmhaireoir na dtáirgí is ábhar don fhógra sin, ceart a iarraidh ar údaráis inniúla an Bhallstáit a thugann fógra an fógra sin a fhorlíonadh.

2) Maidir le hAirteagail 20 agus 22 de Rialachán Uimh. 765/2008, Airteagal 12 agus Iarscríbhinn II de Threoir 2001/95, arna leasú le Rialachán Uimh. 765/2008, agus an iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2019/417, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:

ní mór leigheas dlí a bheith ag oibreoir eacnamaíoch, amhail allmhaireoir táirgí is ábhar d'fhógra arna thabhairt faoi Airteagal 22 de Rialachán Uimh. 765/2008, nach é seolaí an bhirt ba bhun leis an bhfógra sin agus lena bhféadfaí dochar a dhéanamh dá leasanna mar gheall ar chineál neamhiomlán an fhógra sin, sa Bhallstát a thugann fógra chun a áirithiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí atá ar an mBallstát sin ina thaobh sin.

(1) IO C 37, 24.1.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 17 Bealtaine 2023 (iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Essen – an Ghearmáin) – DC v HJ**

**(Cás C-97/22 (1), DC (Tarraingt siar i ndiaidh chomhlíonadh an chonartha))**

***(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint tomhaltóirí – Treoir 2011/83/AE – Airteagal 14(4)(a)(i) agus (5) – An ceart chun tarraingt siar maidir le conarthaí seach© áitribh – Oibleagáidí an trádálaí lena mbaineann faisnéis a chur in iúl – Mainneachtain an trádálaí sin faisnéis a chur in iúl don tomhaltóir – Oibleagáidí an tomhaltóra i gcás tarraingt siar – Tarraingt siar i ndiaidh chomhlíonadh an chonartha – Iarmhairtí)***

(2023/C 235/03)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht Essen

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* DC

*Cosantóir:* HJ

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 14(4)(a)(i) agus (5) de Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

díolmhaíonn sé tomhaltóir ó gach oibleagáid íoc as seirbhísí a sholáthraítear i gcomhlíonadh conartha seacháitribh, nuair nach bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14(4)(a)(i) curtha in iúl ag an trádálaí agus gur fheidhmigh an tomhaltóir sin a cheart chun tarraingt siar i ndiaidh chomhlíonadh an chonartha.

(1) IO C 165, 19.04.2022

---